

TG4

Cód Cleachtais do na Fostaithe

Cuspóir agus Scóip

Tá ceangailte ag an Roinn Airgeadais go mbeadh Cód Iompair do chomhaltaí an Bhoird agus do na fostaithe i bhfeidhm ag gach comhlacht a fhaigheann maoiniú ón Stát. Leagtar amach sa chód creat na ngnás oibre a chuirfidh ar ár gcumas na caighdeáin is airde a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus do chliaint Theilifís na Gaeilge (TG4).

Oibríonn baill foirne TG4 de réir fhorálacha an Chonradh Fostaíochta agus cloítear leis na Polasaithe éagsúla maidir leis an Láthair Oibre agus leis na Cóid Cleachtais a leagtar amach i Lámhleabhar an Fhostaí, faoi mar a chuirtear ar fáil don uile bhall foirne ar thosú i mbun fostaíochta le TG4 agus faoi mar a leasaítear go rialta.

Tá i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an gCód seo de réir mar is gá ionas go dtugtar san áireamh aon athrú ar phróisis nó ar ghnás oibre maidir le cinntí de chuid an Bhoird a dhéanamh agus/nó aon athrú ar chúrsaí rialála.

Aidhmeanna

Léireofar na prionsabail seo a leanas go seasta leanúnach i mbun dualgais TG4:

- Ionracas, follasacht agus gairmiúlacht maidir leis na hidirbhearta go léir
- Cothroime, comhleanúnachas agus macántacht sa tseirbhís do thionscal na scannánaíochta agus na teilifíse
- Meas, cúirtéis, rúndacht agus iontaofacht san idirchaidreamh pearsanta ar fad
- Forghníomhaíocht agus smaoineamh chun tosaigh i gcomhlíonadh na ndualgas
- Dearfacht, mórtas agus díograis le Teilifís na Gaeilge
- Dúthracht maidir le cothroime agus uilechuimsitheacht i ndáile le hinscne, claonadh gnéis, cine, creideamh, aois, míchumas nó an lucht siúil.

Beidh baill foirne TG4 aireach i gcónaí maidir leis na prionsabail thuasluaite i mbun ghnéithe uile a gcuid fostaíochta dóibh ionas go gcinntítear ardchaighdeán maidir le gnás eitice.

Féachfaidh TG4 lena chinntiú go ndéantar idirbhearta airgid a thuairisciú agus a rialú ar an leibhéal is airde is féidir i gcomhréir leis na hAchtanna Craolacháin, leis an gCód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, leis an Acht um Chosaint Sonraí agus le Coimisiún na gCaighdeán in Oifigí Poiblí.

Ionracas

- Déanfaidh baill foirne aon fhostaíocht sheachtrach/leasa gnó atá i gcoinbhleacht le gnó TG4 nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó TG4 a chur in iúl.
- Níor cheart don lucht bainistíochta ná d'fhostaithe baint a bheith acu le haon fhostaíocht sheachtrach/ leas gnó atá i gcoinbhleacht le gnó TG4.
- Sa chás go mbeadh ball foirne ag smaoineamh ar thabhairt faoi ghnóthaí seachtracha, ní mór dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir i scríbhinn.
- Ba cheart bronntanais corparáide, fearadh fáilte nó aíochta, cóir fhabhrach nó sochair a sheachaint a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an té a thugann nó a fhaigheann iad

breithiúnas neamhspleách a thabhairt maidir le hidirbhearta gnó nó a bhféadfaí a cheapadh gur cur isteach ar an gcumas sin iad.

- Dúthracht maidir le hiomaíocht a dhéanamh go dian díograiseach ach le barr eitice agus ionracais freisin.
- Ba cheart bearta ceannacháin maidir le hearraí/ seirbhísí a dhéanamh i gcomhréir leis na Treoirínte maidir leis an Soláthar Poiblí. (an dea-chleachtas gnó)
- A chinntiú go mbíonn de chultúr ar bun nach n-éilítear costais ach amháin mar is cúí maidir le riachtanais an ghnó agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí go ginearálta.
- A chinntiú gur léiriú cruinn tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais TG4 ar fheidhmiú an ghnó agus nach mbaineann aon mhíthreoir leo ná nach leagtar amach daoine a chur ar mhíthreoir leo.
- Úsáid as acmhainní nó am TG4 ar mhaithe le gnóthachtaí phearsanta, ar mhaithe le daoine/ eagraíochtaí nach mbaineann le TG4 nó le beartaíocht TG4 nó ar mhaithe le hiomaitheoirí TG4 a sheachaint, agus
- Gealladh gan faisnéis ná rún gnó a aimsiú ar mhodh míchuí.

Easaontacht Leasa

Maidir le Tionscadail agus Baill Foirne go sonrath

Sa chás go bhfuil baint ag ball foirne nó ag duine ceangailte (gaol nó céile gnó) le tionscadal, tá easaontacht leasa i gceist. Tá cosc ar cháipéisíocht ar bith i ndáil leis an gcás a mheas nó le cinneadh ina leith a chur ar fáil don bhall foirne. Luafar an easaontacht leasa sna miontuairiscí.

Maidir le Coimisiún na gCaighdeán in Oifigí Poiblí

Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, cuireann daoine i bPoist Ainmnithe (an tArd-Stiúrthóir agus bainisteoirí sinsearach) Ráiteas faoi Leasa nó Ráiteas faoi Leas Níleasach ar fáil gach bliain do Choimisiún na gCaighdeán in Oifigí Poiblí.

Faisnéis

- Seasamh an Bhoird, an lucht bainistíochta agus na bhfostaithe le teacht a bheith ar eolas ginearálta maidir le hobair na heagraíochta ar bhealach atá oscailte agus a chuireann leis an gcuntasacht i ndáil leis an bpobal i gcoitinne.
- Aird ar an bpríobháideacht a bhaineann le faisnéis íogair atá ar coimeád ag TG4. Bheadh ábhar i gceist de leithéid:
 - faisnéis atá íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála (eolas san áireamh, cé nach é sin amháin é, maidir le pleananna don am atá i ndán nó sonraí maidir le hathruithe móra eagrúcháin nó athruithe eile, mar shampla atheagar);
 - faisnéis phearsanta; agus
 - faisnéis a thugtar don chomhlacht poiblí i modh rúin.
- Déanamh de réir na ngnásanna cúí maidir le comhairle roimh ré leis an tríú páirtí má bhíonn i gceist, i gcás eiseachta, faisnéis íogair a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail.
- Cloí leis na forálacha cúí faoin reachtaíocht (e.g. maidir le cosaint sonraí agus le Saoráil Faisnéise).
- Ní thagann deireadh leis an dualgas gan faisnéis faoi phribhléid ná faisnéis rúnda a nochtadh ar dheireadh a theacht le fostaíocht ag TG4.

Dualgais

- Gach dualgas a leagtar ar an gcomhlacht Stáit de réir rialacháin nó faoin reachtaíocht a chomhlíonadh.
- Cloí le gnásanna mionsonraithe oibre maidir le cúrsaí tairisceana agus ceannacháin, chomh maith le cloí leis na leibhéil réamhshocraithe údaráis maidir le haon chaiteachas de chineál faoi leith a cheadú.
- Beartha rialála a thabhairt isteach d'fhonn calaois a chosc, bearta leordhóthanacha san áireamh chun a chinntiú go gcloítear leis na gnáis réamhshocraithe maidir le costais a bhaineann le taisteal a éileamh.
- Tá dlite ar gach comhalta den Bhord agus ar na fostaithe go léir comhoibriú leis an lucht iniúchóireachta inmheánach i mbun an phróisis a ghabhann leis an iniúchóireacht inmheánach.
- Ba cheart do na comhaltaí boird a ndícheall a dhéanamh freastal ar gach cruinniú den Bhord.
- Cloí le gnáis oibre a leagann an Bord síos maidir le cásanna lena mbaineann easaontacht leasa, cásanna san áireamh maidir le glacadh le poist tar éis na fostaíochta agus/nó fostaíocht le comhlacht Stáit lena bhféadfadh easaontacht leasa nó ábhar buartha maidir le cúrsaí príobháideachta a theacht i gceist.
- An dualgas a admháil atá ar an uile dhuine cloí leis na caighdeáin is airde eitice i mbun cúrsaí gnó.

Dílseacht

- An fhreagracht a admháil a bheith dílis do TG4 agus lán dúthrachtach i mbun bhearta uile an ghnó an tráth céanna a mbíonn aird ar fhreagracht na heagraíochta féin i gcónaí leas an pháirtí leasmhara a chur san áireamh.

Cothroime

Tá TG4 dúthrachtach maidir le

- Cloí leis an reachtaíocht maidir le comhionannas fostaíochta agus stádas comhionann.
- Cothroime i mbun na mbearta gnó ar fad.
- Meas ar an gcustaiméir agus do chaitheamh go cothrom leis na custaiméirí ar fad.

An Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

Déanfaidh TG4

- Cultúr a chothú lena mbaineann 'labhairt amach' ionas gur féidir le hoibrí ábhar buartha maidir le mí-iompar tromchúiseach sa láthair oibre a chur in iúl gan imní faoi dhíoltas.
- Mórbéim a leagan ar shláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe a chothú agus a chaomhnú.
- A chinntiú go dtugtar ábhar buartha an phobail san áireamh go lánchuimsitheach.
- Aon tionchar chun dochair a bheadh ag cúrsaí oibriúcháin ar an timpeallacht a mhaolú oiread agus is féidir.

Freagracht

- Cóipeanna den Chód Iompair agus de cháipéis polasaí maidir le leasa a nochtadh a scaipeadh ar na comhaltaí Boird go léir, ar an lucht bainistíochta agus ar na fostaithe le coimeád dóibh féin.
- A chinntiú go n-adhmaíonn na daoine thuasluaite go bhfuarthas na cáipéisí sin agus go dtuigtear iad.

- Leabhrán eolais a ullmhú ina leagtar amach lón comhairle agus treoir phraiticiúil faoi bhronntanais agus fearadh fáilte agus ceisteanna eitice eile a thagann chun cinn go minic i mbun dhéanamh na hoibre.

Athbheithniú

- Socrú a dhéanamh maidir le hathbheithniú ar an gCód Iompair de réir mar is cuí agus tabhairt faoi sin